# DUILLEOG

## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 39 Samhradh 2016

# Taispeántas na Cásca sa Chrannóg
# 28 Márta - 30 Aibreán



An tAthair Ó Baoighill ag caint




Colm Mac Giolla Easbuic, An tAthair Ó Baoighill, An tAthair Lorcán Ó Searcaigh, Máire Mhic Niallais, Tony Mac Aodha, Colm Ó Baoill




Na mná ceoil







Bhí Taispeántas breá de leabharthaí, pictúirí agus iarsmaí ag baint le Éirí Amach na Cásca sa Chrannóg aimsir na Cásca. Ba é Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair an Dr Pádraig Ó Baoighill a rinne an Taispeántas a sheoladh go h-oifigiúil ar 29 Márta. Thug sé moladh mór do Phádraig Mac Giolla Easbuic a chuir cuid mhór den ábhar ar fáil. Thug go leor daoine cuairt ar an taispeántas i rith mhí Aibreán go hairid na paistí scoile.

# An Scáthlán

## Iris Chumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair




Socraíodh le deireanas go raibh se in am anáil úr a chur i Scáthlán, Iris Chumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair a bhíodh á foilsiú sna 1980í. Is e an socrú a rinneadh go gcuirfí na chéad trí eagrán amach mar imleabhar mór amháin mar thús leis an athiarracht foilsithe seo. Ach Scáthlán mór na dtrí eagrán a bheith foilsithe, tá sé ar intinn againn tabhairt anois faoi Scáthlán 4 le súil go bhfásfaidh an tsraith ina dhiaidh sin.

Bhain na chéad trí Scáthlán cuid mhaith le paróiste Ghaoth Dobhair mar gur bunaíodh cuid mhaith den ábhar iontu ar léachtaí a tugadh ag Éigse Uladh i nGaoth Dobhair. Ó seo amach, ba mhaith linn go mbeadh baint ag an ábhar a bheas i Scáthlán le paróistí Iarthuaisceart Dhún na nGall ar fad mar atá Gaoth Dobhair, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus na Rosa. Tá stair na bparóistí sin fite fuaite ina chéile le fada riamh. Ar ndóigh chan fhuil bac ar bith á chur againn ar ábhar as áiteacha eile a mbeadh baint acu le hábhar a fhoilsiú ach oiread.

Tugann muid cuireadh anois dár léitheoirí agus do scríbhneoirí eile ábhar a chur chugainn do Scáthlán 4. Ba mhaith linn gur i nGaeilge a bheadh na hailt a chuirfear chugainn scríofa. Ba bhreá linn fosta, má thig ar chor ar bith é, go mbeadh na hailt sin clóscríofa nó i bhfoirm leictreonach. Glacfar le hábhar ar gach gné de stair agus de shaol na ndaoine, an stair féin, daoine cáiliúla, lucht imirce agus ar tharlaigh daofa, seanchas faoi áiteacha, logainmneacha na háite, an saol sóisialta, sloinnte agus muintearas, na scoltacha, cúrsaí oibre agus monarchana, bealaí taistil, sagairt, dochtúirí, scolaíocht agus múinteoirí scoile, cogadh na gcarad, cúrsaí peile, rásaí bád, cúrsaí creidimh, seanchas béaloidis, an ceol, bailiú an bhéaloidis, seanchaithe móra na háite, éidiú agus coisbheart na ndaoine agus go leor nithe eile.

Ba cheart ceist nó fiosrú ar bith faoi Scáthlán 4 a chuir chuig An tEagarthóir, Scáthlán, An Chrannóg, Srath na Corcra, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Tír Chonaill nó le teachtaireacht ríomhphost chuig d.obaoill@qub.ac.uk

Seo cuid do na daoine óga as ranganna Scoil Cheoil na Crannóige a ghlac páirt i bhFleadh Ceoil Dhún na nGall i nGort a Choirce.








# Mórshiúl Dhom


















Ghlac scaifte mór daoine páirt in Mórshiúl Dhomhnach Cásca i nGaoth Dobhair, ón Bhun Bheag go clós Theach Pobail Mhuire i nDoirí Beaga. Ba é Colm Mac Giolla Easbuic fear a tí agus Dónal Ó Cnáimhsí a leigh Forfhógra na Cásca, agus bhí an lá maith!

# hnach Cásca 2016

















# Glantachán Mór!





## "LE BÁNÚ AN LAE"

TOMÁS 'AC GIOLLA BHRIGHDE

*á chur i láthair ag*

**Aisteoirí Ghaoth Dobhair**



**Amharclann An Grianán**

**Leitirceannain**

**Dé Domhnaigh 10ú Iúil**

**Tosnú ;- 8in** **Cead Isteach: €12/€10**

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

1916 2016
Centenary Programme

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge


## CAMPA CUMARSÁIDE

DO DHÉAGÓIRÍ

OBAIR CHEAMRAÍ, FUAIM, EAGARTHÓIREACHT,
BEOCHAN 2T AGUS 3T AGUS GO LEOR EILE!
ACADAMH NA HOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE, GAOTH DOBHAIR
10:00 – 3:30, 20-24Ú MEITHEAMH
Táille €40
Cuir d'áit in áireamh anois!
Máire – 0876740673
mairenicniallais@gmail.com
12-15 BLIAIN D'AOIS

Campaí Samhraidh 2016


Tuismitheoirí na Gaeltachta





Bannaí Ceoil Dhoirí Beaga
Cén bhliain agus cé iad fhéin?









# “An Seisiún Mór”

Temple Street CHILDREN'S UNIVERSITY HOSPITAL

**25 Meitheamh 2016**

**Ón 12.00 mean lae, ar feadh 24 uair !!!**

Chun sochar do



Otharlann na bPáistí, Temple Street agus St. Raphael’s Paediatric Ward, Otharlann Beaumont

Fáilte roimh cheoltóirí de gach aois & cumas.

Tarr agus bain sult as an spraoi!

